**Iompar Scoile do leanaí agus daoine óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu**

**Incháilitheacht**

Leis an Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (pdf), tacaítear le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a iompar chuig an scoil agus uaithi araon ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Óige.

Chun a bheith incháilithe le haghaidh iompar scoile faoin Scéim thuasluaite;

(i) Ní mór critéir na Roinne Oideachais agus Óige le haghaidh freastal ar an suíomh ábhartha a chomhlíonadh sa tuarascáil ghairmiúil riachtanach nó sna tuarascálacha gairmiúla riachtanacha a cuireadh isteach agus

(ii) ní mór don leanbh/duine óg a bheith ag freastal ar an scoil phríomhshrutha aitheanta is gaire nó ar an rang/scoil speisialta aitheanta is gaire, nó ar aonad is féidir a acmhainniú chun freastal ar a riachtanais speisialta oideachais

**Próiseas iarratais**

Déanann an tuismitheoir/caomhnóir an t-iarratas chuig príomhoide na scoile, agus an fhoirm iarratais á húsáid. Cuirfidh an príomhoide an t-iarratas ar aghaidh chuig Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais na scoile.

Cé gur ag deireadh mhí Aibreáin gach bliain a thiteann an dáta deiridh le haghaidh iarratas a dhéanamh ar iompar scoile, glacann an Roinn Oideachais agus Óige le hiarratais ar iompar scoile do leanaí/daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar fud na bliana ar fad. Tá sé tábhachtach go gcuirfí iarratais isteach a luaithe is féidir.

I gcás go mbeidh leanbh/duine óg ag athrú seoladh baile agus/nó scoile, agus go dteastóidh iompar scoile uaidh/uaithi go fóill, ní mór don teaghlach agus do phríomhoide na scoile iarratas nua a chomhlánú. Cuirfidh an príomhoide an t-iarratas ar aghaidh chuig an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais ansin.

**Amlíne le haghaidh iompair**

Tar éis iarratas a fháil, ceanglaítear ar an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais a dheimhniú go gcomhlíontar ann na critéir le haghaidh iompar scoile a sholáthar.

Tar éis don Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais a c(h)uid féin den fhoirm a chomhlánú, cuirfidh sé/sí an fhoirm ar aghaidh chuig Rannóg Iompair Scoile na Roinne Oideachais agus Óige lena breithniú.

Tar éis don Rannóg Iompair Scoile an t-iarratas a phróiseáil, agus tar éis a dheimhniú go bhfuil an leanbh/duine óg incháilithe le haghaidh iompair, cuirfear a m(h)ionsonraí faoi bhráid Bhus Éireann, a oibríonn an scéim iompair scoile thar ceann na Roinne. Cuirfidh Bus Éireann in iúl ansin cé na roghanna iompair atá ar fáil.

I gcásanna áirithe, is féidir go gcuirfidh an tEagraí Riachtanas Speisialta Oideachais in iúl nach gcomhlíonann an leanbh/duine óg na critéir faoi théarmaí na Scéime. Rachaidh an Roinn i dteagmháil leis an teaghlach i gcásanna den sórt sin.

**Freastalófar ar leanaí agus daoine óga incháilithe mar a leanas;**

- I gcásanna ina gcuirfidh Bus Éireann in iúl go bhfuil suíochán ar fáil do leanbh nó duine óg ar sheirbhís atá ann cheana, cuirfear socruithe iompair i bhfeidhm a luaithe is féidir, agus déanfaidh ball foirne de chuid Bhus Éireann teagmháil leis an mball teaghlaigh atá ainmnithe ar an bhfoirm iarratais chun dáta tosaithe na seirbhíse a chur in iúl.
- i gcás go sainaithneoidh Bus Éireann nach bhfuil aon seirbhís ar fáil chun freastal ar leanbh nó duine óg, nó i gcás nach bhféadfaidh leanbh nó duine óg leas a bhaint as seirbhís iompair scoile mar gheall ar chineál na riachtanas cúraim atá aige/aici, tairgfear Deontas Iompair Speisialta do theaghlaigh.

…..

- i gcás nach bhféadfaidh teaghlaigh leas a bhaint as an Deontas Iompair Speisialta, nó i gcás go dteastóidh seirbhís aonair uathu, féachfaidh Bus Éireann le seirbhís nua a bhunú.

- I gcás go gceadófar seirbhís nua, beidh sé riachtanach próiseas soláthair agus grinnfhiosrúcháin a leanúint agus, uaireanta, is féidir go mbeidh ar an scoil coimhdire iompair scoile a fhostú freisin. Is féidir go dtógfaidh sé roinnt seachtainí chun seirbhís iompair scoile a sholáthar agus chun coimhdire iompair scoile a earcú. Mar sin, ba cheart do scoil a hiarratais a chur faoi bhráid an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais a luaithe is féidir chun nach mbeidh aon mhoill ann ar an bpróiseas iarratais.

**Ticéid**

I gcás go ndéanfaidh teaghlaigh iarratas ar iompar le linn na scoilbhliana agus go measfar an leanbh/duine óg a bheith incháilithe, eiseoidh Bus Éireann ticéid do sheirbhísí a luaithe is féidir tar éis iompar a eagrú.

I gcás go ndéanfaidh teaghlaigh iarratas roimh dheireadh mhí Aibreáin don chéad scoilbhliain eile, eiseoidh Bus Éireann ticéid ó mhí Iúil amach.

**Coimhdire Iompair Scoile**

Laistigh den Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, is ann do shaoráid trína bhféadfar Coimhdire Iompair Scoile a cheapadh i gcás go dteastóidh ó leanbh tacaíocht ó Choimhdire Iompair Scoile mar gheall ar na riachtanais chúraim agus sábháilteachta atá ag an leanbh agus é/í ar an iompar scoile.

Soláthraíonn an Roinn cistiú deontais go díreach don scoil le haghaidh an Coimhdire Iompair Scoile a fhostú, agus is í an Roinn a shocraíonn an ráta pá. Tá an Bord Bainistíochta/an Bord Oideachais agus Oiliúna freagrach as an gCoimhdire Iompair Scoile a fhostú.

Féadfaidh Príomhoide Scoile ceadú a lorg ón Roinn Oideachais agus Óige chun Coimhdire Iompair Scoile a fhostú chun leanbh/duine óg a thionlacan ar iompar scoile, i gcás go

sainaithneofar san fhianaise tacaíochta go dteastaíonn an tacaíocht sin ón leanbh/duine óg de dheasca riachtanais chúraim agus sábháilteachta.

Uaireanta, is féidir go dtógfaidh sé tamall maith ar an scoil chun duine oiriúnach a fhoinsiú, agus is féidir leis sin moill a chur ar an iompar a sholáthar. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór do Rannóg Iompair Scoile na Roinne fostú na gcoimhdirí a cheadú sula bhféadfar aon chistiú a sholáthar.  Ba cheart iarrataí ar cheadú a sheoladh chuig an Rannóg Iompair Scoile ag escort_transport@education.gov.ie.

**Deontas Iompair Speisialta**

In imthosca áirithe, is féidir go mbeidh tuismitheoir/caomhnóir in ann Deontas Iompair Speisialta a fháil i leith an chostais a bhaineann le socruithe iompair príobháideacha. Ní mór iarratas a dhéanamh ar iompar scoile faoin scéim, agus ní mór an leanbh/duine óg a mheas a bheith incháilithe, sula bhféadfar Deontas Iompair Speisialta a bhreithniú.

Tá deontais bunaithe ar an líon laethanta a fhreastalaíonn an leanbh/duine óg ar an scoil tar éis dháta an iarratais ar iompar scoile.

Féadfar Deontas Iompair Speisialta a sholáthar do theaghlaigh le leanaí nó daoine óga incháilithe sna cásanna seo a leanas:

- níl Bus Éireann in ann seirbhís iompair a sholáthar.
- níl sé oiriúnach seirbhís iompair a sholáthar mar gheall ar chineál na ndeacrachtaí iompraíocha nó na riachtanas leighis atá ag an leanbh nó an duine óg.
- meastar coimhdire a bheith riachtanach, agus níl tacaíocht den sórt sin ar fáil.
- meastar an costas a bhaineann le seirbhís a bhunú/a choinneáil ar bun a bheith ró-ard.

Le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2024/2025, méadaíodh ráta an Deontais Iompair Speisialta mar a moladh san athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile, rud a foilsíodh i mí Feabhra 2024.

Is é an ráta méadaithe ná 41.80 cent don chéad 6,437 gciliméadar a thaistealaítear agus 31.78 cent in aghaidh an chiliméadair do gach ciliméadar a thaistealaítear ina dhiaidh sin.

Más rud é nach bhféadfaidh tuismitheoir/caomhnóir glacadh leis an deontas agus go dteastóidh seirbhís uaidh/uaithi, iarrfaidh an Rannóg Iompair Scoile go mbunófaí seirbhís nua don leanbh nó duine óg.  Ní mór Foirm um Thuairisceán Deontais Iompair Scoile lena ndeimhnítear an rogha sin a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Iompair Scoile.

Chun a chinntiú go bpróiseálfar íocaíochtaí a luaithe is féidir, beidh feidhm ag an sceideal íocaíochtaí seo a leanas:

| **Íocaíocht** | **An tréimhse den scoilbhliain a chumhdaítear** | **An dáta a phróiseálfar íocaíochtaí*** |
|---|---|---|
| Íocaíocht 1 | Meán Fómhair – Deireadh Fómhair, agus an dá mhí sin san áireamh | Samhain |
| Íocaíocht 2 | Samhain – Feabhra, agus an dá mhí sin san áireamh | Márta |
| Íocaíocht 3 | Márta – deireadh na scoilbhliana | Deireadh na scoilbhliana/le linn na míonna den samhradh |
| I gcásanna eile, déanfar íocaíocht amháin le linn na míonna den samhradh chun an scoilbhliain ar fad a chumhdach | | |

***Nóta:** Ní fhéadfar íocaíochtaí a phróiseáil de réir an sceidil seo ach amháin i gcás go seolfar ar ais foirmeacha um Ráiteas Freastail atá comhlánaithe go cuí agus go gcuirfidh tuismitheoirí/caomhnóirí a mionsonraí bainc isteach.
Ní fhéadfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí Deontas Iompair Speisialta a fháil ach amháin i gcás go gceadóidh an Roinn é sin. Beidh an fhaisnéis ar fad thuas sa litir ceadaithe.
Tá deontais faoi réir athbhreithnithe, agus féadfar iad a athrú nó a tharraingt siar i gcás go dtiocfaidh athrú ar imthosca.

**Deontas Eatramhach Iompair Speisialta**

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir go dtógfaidh sé roinnt seachtainí chun seirbhís iompair scoile a eagrú.  Thuairiscigh Bus Éireann dúshláin maidir le tiománaithe agus conraitheoirí oiriúnacha a aimsiú i roinnt láithreacha.  Más rud é go mbeidh moill ann ar sheirbhís a bhunú do leanbh/duine óg incháilithe, is féidir go mbeidh Deontas Eatramhach Iompair Speisialta ar fáil do na teaghlaigh lena mbaineann.  Tá an deontas bunaithe ar an líon laethanta a fhreastalaíonn leanbh/duine óg ar an scoil, agus ní íoctar roimh ré é.

Tairgfear an deontas eatramhach ó dháta an iarratais chun cabhrú le freastal ar an gcostas a bhaineann leis na socruithe iompair príobháideacha a chuir an teaghlach i bhfeidhm, agus íocfar é go dtí go mbeidh seirbhís iompair réidh le tosú. Cuirfidh Bus Éireann nó an Rannóg Iompair Scoile sa Roinn Oideachais agus Óige teaghlaigh ar an eolas faoi conas leas a bhaint as an deontas sin.

**Ionad Glaonna Bhus Éireann**

Is féidir le teaghlaigh teagmháil a dhéanamh le hionad glaonna cúram custaiméirí Bhus Éireann le linn thréimhse ghnóthach an tsamhraidh trí ghlao a chur ar: Íosghlao 0818 919 910. Bíonn an líne ar oscailt ó 09.00 go 17.00, an Luan go dtí an Aoine.
Is féidir le teaghlaigh teagmháil a dhéanamh le Bus Éireann trí cheist a chur isteach tríd an nasc seo a leanas freisin: Bus Éireann: Déan Teagmháil Linn

**Mionsonraí teagmhála don Rannóg Iompair Scoile**

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis an bpróiseas iarratais ar iompar scoile, déan teagmháil leis an Rannóg Iompair Scoile tríd an tairseach le haghaidh ceisteanna ó chustaiméirí atá ar fáil ag https://cs.education.gov.ie/. Is féidir mionsonraí teagmhála malartacha a fháil ar an leathanach Gréasáin thíos.

**Leathanach Gréasáin (www.gov.ie):** Iompar scoile

An Rannóg Iompair Scoile

An Roinn Oideachais agus Óige

Tulach Mhór

Co. Uíbh Fhailí, R35 Y2NS